Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10660 – MONTAGU / HG / WAYSTONE / KB ASSOCIATES)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 218/10)

1. An 24 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Montagu Private Equity LLP ("Montagu", an Ríocht Aontaithe),

— Hg Capital LLP ("Hg", an Ríocht Aontaithe),

— Sigma Luxco 2 S.à r.l. (in éineacht lena chuid fochuideachtaí "Waystone", Éire),

— King TopCo Limited (in éineacht lena chuid fochuideachtaí "KB Associates", Éire).

Gheobhaidh Montagu agus Hg rialú comhpháirteach ar Waystone (Idirbheart 1) agus ar KB Associates (trí Waystone, Idirbheart 2) de réir bhrí Airteagal 3(1)(b).

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromas phríobháideach é Montagu a dhéanann bainistiú ar chistí agus atá gníomhach ar fud an domhain;

— Is cuideachta cothromas phríobháideach é HG atá gníomhach ar fud an domhain;

— Is soláthróir seirbhísí bainistíochta cuideachta ("ManCo") agus seirbhísí coimhdeacha é Waystone ([2]), le béim ar earnáil chistí infheistíochta na hÉireann;

— Is soláthróir seirbhísí comhairleoireachta agus ManCo é KB Associates, le béim ar earnáil na gcistí infheistíochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10660 – MONTAGU / HG / WAYSTONE / KB ASSOCIATES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) Is éard atá i gceist le seirbhísí bainistíochta cuideachta an méid seo a leanas a áirithiú (i) comhlíontacht rialála; (ii) bainistíocht infheistíochta; (iii) bainistíocht riosca infheistíochta; (iv) bainistíocht riosca oibríochtúil; (v) bainistíocht caipitil agus airgeadais; agus, (vi) dáileadh.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË